An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority




# Tuarascáil Bhliantúil

2021

# An Misean atá againn

Gníomhaíochtaí na ndaoine a oibríonn sa tionscal slándála príobháidí a rialáil chun a chinntiú go ndéanfar leasanna tomhaltóirí a chosaint ina n-iomláine trí chaighdeáin chuí a bhunú agus a chur chun cinn agus trí fhaireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na caighdeáin sin.



# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| **Leathanach 4** | Ráiteas Tosaigh ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach |
| **Leathanach 6** | Misean agus Luachanna |
| **Leathanach 7** | Bord an Údaráis |
| **Leathanach 7** | An Fhoireann Ardbhainistíochta |
| **Leathanach 8** | Rialachas Corparáideach |
| **Leathanach 11** | An Plean Straitéiseach, 2019 go 2021 |
| **Leathanach 12** | An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna |
| **Leathanach 23** | Ár Ráitis Airgeadais |
| **Leathanach 44** | Deimhniú Iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 2021 |
| **Leathanach 47** | Aguisíní |
| **Leathanach 51** | Teagmháil |




# Ráiteas tosaigh

## ó Richard O'Farrell, an Cathaoirleach agus ó Paul Scallan, an Príomhfheidhmeannach

Tá áthas orainn an Tuarascáil Bhliantúil ón Údarás Slándála Príobháidí don bhliain 2021, a bhí ar an mbliain deiridh den cheathrú Bord de chuid an Údaráis, a chur i láthair. Áiríodh le héachtaí an Bhoird a bhí ag dul amach as oifig ceadúnú a leathnú chuig fostaithe de lárionaid faireacháin, caighdeáin nua a fhorbairt ar fud roinnt earnálacha, agus dlús a chur leis an méid a bhaineann an tÚdarás úsáid as an teicneolaíocht. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do thiomantas chomhaltaí an Bhoird do thionscal slándála na hÉireann a rialáil agus buíochas a ghabháil leo as obair an Údaráis a stiúradh le ceithre bliana anuas.



Richard O'Farrell

B'ann fós sa bhliain 2021 do na dálaí gan fasach a tháinig chun cinn sa bhliain 2020, toisc go raibh an ghníomhaíocht sa tionscal slándála á srianadh ag an staid leanúnach sláinte poiblí, faoi mar a bhí amhlaidh i réimsí eile den tsochaí. I mí na Samhna, d'fhoilsíomar na torthaí ar an taighde a rinneamar ar thionchar Covid-19 ar chonraitheoirí slándála. Mar a bheifí ag súil leis, thuairiscigh trí cheathrú de chonraitheoirí gur lú a láimhdeachas sa bhliain 2021 ná mar a bhí sé roimh theacht phaindéim Covid-19. Mar thoradh air sin, bhí conraitheoir amháin as gach 12 chonraitheoir den tuairim go raibh a ngnó i mbaol, agus 6% eile i mórbhaol na dócmhainneachta. Bhí 1% díobh dócmhainneach agus scoir 1% eile den trádáil go buan. Bainfear tairbhe as an taighde sin de réir mar a ullmhaímid ár bPlean Straitéiseach le haghaidh na gcéad cheithre bliana eile.



Paul Scallan

Sa bhliain 2021, leathnaíodh ceadúnú chuig gardaí forfheidhmiúcháin leis an Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí (Leasú), 2021. Bhunaigh an tÚdarás meitheal chun na ceanglais cheadúnúcháin ar ghardaí forfheidhmiúcháin a fhorbairt agus, i mí na Nollag, seoladh comhairliúchán poiblí ar na ceanglais ar chonraitheoirí. Leanadh lenár gcuid oibre ar son feabhas a chur ar rialáil ar fud an tionscail slándála trí PSA 67:2021 a fhoilsiú, ar caighdeán nua le haghaidh na hearnála rialaithe rochtana é, agus trí fheabhas a chur ar an bhformhaoirseacht ar na comhlachtaí a iniúchann ár gcaighdeáin.

Cé go rabhamar chomh tiomanta céanna do na caighdeáin rialála is airde a chomhlíonadh, bhí srian ann le roinnt gníomhaíochtaí, go háirithe ár n-obair comhlíonta agus ár dteagmháil le geallsealbhóirí tionscail maidir le nithe rialála. Táimid ag súil leis an mbliain 2022 agus táimid dóchasach go mbeifear in ann an-chuid den obair a iarchuireadh sa bhliain 2021 a thabhairt chun críche. Tá dea-dhul chun cinn déanta cheana féin ar phleananna le haghaidh pearsanra slándála imeachtaí agus imscrúdaitheora phríobháidigh a cheadúnú.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Aire Dlí agus Cirt agus lena Roinn, leis an nGarda Síochána agus le gach duine a thacaigh lenár n-obair rialála sa bhliain 2021. Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil lenár mbaill foirne, a thaispeáin an athuair go bhfuil siad tiomanta dár spriocanna agus a d'oibrigh go dícheallach chun iad a bhaint amach. Cosúil lena lán eagraíochtaí, ba dhúshlánach dár mbaill foirne a bhí an dá bhliain seo atá imithe thart. De bharr a gcuid tiomantais agus dúthrachta, áfach, chinntigh siad go leanfaimis le seirbhís ghairmiúil rialála a sholáthar.

# Sracfhéachaint ar an mBliain 2021

| Earnáil | Daoine Aonair | Conraitheoirí | Láimhdeachas (€) |
|---|---|---|---|
| **Maoirseoirí Dorais (Slándáil Imeachtaí)** | N/B | 34 | 1,125,364 |
| **Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe)** | 11,425 | 47 | 9,990,257 |
| **Glasadóirí** | N/B | 226 | 20,891,026 |
| **Imscrúdaitheoirí Príobháideacha** | N/B | 100 | 7,445,326 |
| **Gardaí Slándála (Faireachán ar Aláraim)*** | 651 | 37 | 56,440,492 |
| **Gardaí Slándála (Faireachán ar TCI)** | N/B | 34 | 23,236,596 |
| **Gardaí Slándála (Slándáil Imeachtaí)** | N/B | 49 | 3,275,356 |
| **Gardaí Slándála (Socair)** | 27,559 | 185 | 432,400,693 |
| **An Earnáil Slándála Leictreonaí** | N/B | 1,059 | 277,936,691 |
| **Airgead Tirim faoi Bhealach** | 1085 | 4 | 69,837,640 |
| **Iomlán ** ** | **40,720** | **1,775** | **902,579,441*** ** |

* San fhigiúr do dhaoine aonair, cuirtear Faireachán ar Aláram agus Faireachán ar TCI ar áireamh toisc go gclúdaítear an dá chatagóir leis an aon cheadúnas amháin.

** Is mó an líon ceadúnas a eisíodh ná an líon daoine aonair agus conraitheoirí atá ceadúnaithe toisc go bhfuil ceadúnais i níos mó ná earnáil amháin ag roinnt sealbhóirí ceadúnais

*** Tá láimhdeachas bunaithe ar fhigiúirí a sholáthair conraitheoirí in éineacht leis an iarratas uathu agus baineann sé lena dtréimhse chuntasaíochta roimhe.

# Misean agus Luachanna

Ar mhaithe leis an sainordú atá againn an pobal a chosaint agus caighdeáin a fheabhsú laistigh den tionscal slándála príobháidí, táimid tiomanta don mhisean agus do na luachanna seo a leanas.

> Is é atá i gceist **lenár Misean** ná gníomhaíochtaí na ndaoine a oibríonn sa tionscal slándála príobháidí a rialáil chun a chinntiú go ndéanfar leasanna tomhaltóirí a chosaint ina n-iomláine trí chaighdeáin chuí a bhunú agus a chur chun cinn agus trí fhaireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na caighdeáin sin.

Is é i gceist **lenár bhFís** fós ná go gcosnófar leasanna tomhaltóirí le tionscal atá rialáilte agus a bhfuil ardchaighdeáin feidhmíochta agus saineolais ar bun aige. Cloífear leis an bhfís sin trí fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar gach soláthraí ceadúnaithe agus trí ghníomh spriocdhírithe a dhéanamh in aghaidh daoine a sháraíonn na caighdeáin atá i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm againn tionscal a bheith againn;

- Ina mbunathraítear an tionscal chun feabhais a bhuí leis an bhforfheidhmiú láidir a dhéantar ann.
- Ina bhfuil leibhéil fheabhsaithe Oiliúna agus Oideachais.
- Ina laghdaítear an choiriúlacht.
- Ina gcuirtear ceadúnú i bhfeidhm ina iomláine sna réimsí sin nach bhfuil ceadúnaithe go fóill.

agus tá sé mar aidhm againn Údarás Slándála Príobháidí a bheith againn;

- A bhfuil dóthain acmhainní aige chun seirbhísí a sholáthar.
- A sholáthraíonn seirbhísí ar bhealach níos fearr.

Áirítear na nithe seo **lenár luachanna**, a gcloífimid leo le linn dúinn ár ngnó a dhéanamh:

- Obair i gcomhpháirt lenár dTionscal agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun creat rialála a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe do shealbhóirí ceadúnais agus don phobal i gcoitinne.
- Sársheirbhís do chustaiméirí a chur ar fáil do shealbhóirí reatha ceadúnais, d’iarratasóirí nua ar cheadúnas agus do thomhaltóirí de chuid seirbhísí slándála príobháidí.
- Costais a laghdú.
- Ár ngnó a sheoladh ar bhealach trédhearcach, cothrom agus comhréireach.
- A bheith inár bhfostóir eiseamláireach trí thimpeallacht a chruthú ina mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag ár mbaill foirne agus ina bhforbróidh siad na scileanna a theastaíonn uathu chun feidhmiú de réir a lánchumais agus a lánacmhainne.
- Dlúthchaidreamh oibre a chothabháil le comhlachtaí/eagraíochtaí eile a dtéann sainchúram an Údaráis i bhfeidhm go díreach ar a gcuid gnó nó oibre.
- Timpeallacht níos sábháilte a sholáthar don phobal i gcoitinne trína chinntiú go gcuirtear deireadh leis an acmhainneacht atá ann tabhairt faoin gcoiriúlacht laistigh dár dtionscal.

# Bord an Údaráis

| | |
|---|---|
| **Noel Lappin** | Cathaoirleach |
| **Padraic Cafferty** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **Alan Durnan** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **John Garry** | Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt |
| **Sean Heading** | Ionadaí d'Fhostaithe |
| **Geraldine Kelly** | Ionadaí Dlíthiúil |
| **Eilish McCormack** | Ionadaí do Bhaill Foirne an Údaráis Slándála Príobháidí |
| **An Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll** | Ionadaí don Gharda Síochána |
| **Richard O'Farrell** | Ceapaí Lánroghnach Neamhshainithe |
| **David Smith** | Ionadaí don Aire Oideachais agus Scileanna |
| **Christy Waters** | Ionadaí d'Fhostaithe |

# An Fhoireann Ardbhainistíochta

| | |
|---|---|
| **Paul Scallan** | Príomhfheidhmeannach |
| **Peter O'Dwyer** | Príomh-Chigire |
| **Lisa Kelly** | Ceann um Cheadúnú |
| **Siobhan Cleary** | Ceann um Cháilíochtaí agus Caighdeáin |
| **Joe Duggan** | Ceann Gnóthaí Corparáideacha |

# Rialachas Corparáideach

Tá Bord, Príomhfheidhmeannach agus foireann an Údaráis tiomanta do ghníomhú de réir an dea-chleachtais chorparáidigh i gcónaí. Seolaimid ár ngnó ar dhóigh eiticiúil thrédhearcach ar aon dul lenár bhfreagrachtaí reachtúla. Tá Rialachas Corparáideach laistigh den Údarás bunaithe orthu seo a leanas:

- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí.
- An Cód Iompair do Chomhaltaí Boird ó Bhord an Údaráis.
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí/Nósanna Imeachta Soláthair Phoiblí.
- An Comhaontú Formhaoirseachta idir an Roinn Dlí agus Cirt agus an tÚdarás.

Mar chomhlacht poiblí agus mar ghníomhaireacht de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, comhlíonaimid gach treoir ilghnéitheach eile ar nithe rialachais chorparáidigh arna n-eisiúint ag an Roinn thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó thar ceann Ranna Rialtais eile ó am go chéile. Ar an mbealach sin, cinntímid go bhfuil struchtúir agus próisis chuí i bhfeidhm chun an leibhéal is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil ar bun. Gach bliain, déanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm san Údarás.

Tá an Bord freagrach as treo straitéiseach an Údaráis, agus tá an Príomhfheidhmeannach cuntasach faoi chomhlíonadh chuspóirí straitéiseacha an Bhoird. Soláthraíonn an Príomhfheidhmeannach raon doiciméad éagsúil don Bhord ag gach cruinniú Boird, lena n-áirítear tuarascáil bainistíochta riosca, ráiteas airgeadais, an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn ar an bPlean Straitéiseach agus ar an bPlean Gnó agus ar a gcur chun feidhme, agus tuarascáil ar chur chun feidhme na mbreitheanna ón mBord.

Déanann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca de chuid an Bhoird athbhreithniú agus measúnú ar phróisis airgeadais agus rialachais laistigh den Údarás. Cuirtear dhá chruinniú rialachais ar a laghad ar siúl leis an Roinn Dlí agus Cirt gach bliain. Tá an tÚdarás faoi réir iniúchadh bliantúil ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste freisin. Faigheann an Príomhfheidhmeannach tacaíocht ó Fhoireann Iniúchóireachta an Údaráis chomh maith.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann na comhaltaí den Bhord agus baill foirne a shealbhaíonn poist ainmnithe san Údarás forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí agus forálacha an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Tugaimid spreagadh d'aon chomhaltaí den Bhord, d'aon bhaill foirne agus d'aon daoine eile a bhfuil ábhair imní acu faoin dóigh a gcuirimid ár gcuid gnó i gcrích leas a bhaint as na rialacháin maidir le nochtadh cosanta agus as na rialacháin maidir le calaois a chomhrac, de réir mar is cuí.

Tháinig téarma Bhord an Údaráis chun deiridh i mí na Samhna 2021 agus níor ceapadh Bord nua don Údarás faoi dheireadh na bliana.  Tháinig an Bord a bhí ag dul amach as oifig le chéile sé huaire sa bhliain 2021.  Achoimrítear an freastal ar na cruinnithe sin sa tábla thíos:

| AINM | 25/01/21 | 29/03/21 | 31/05/21 | 26/07/21 | 27/09/21 | 01/11/21 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Noel Lappin**** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Padraic Cafferty ***** | ✓ | ✓ | ✓ | × | ✓ | ✓ |
| **Alan Durnan* ** ***** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **John Garry*** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Sean Heading ***** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Geraldine Kelly*** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Eilish McCormack** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **An Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Richard O'Farrell* ** ***** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **David Smith** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Christy Waters ***** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

*	Comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.
**	Comhaltaí den Choiste Acmhainní/Straitéise.
***	Comhaltaí den Choiste Deimhniúcháin.

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhí ag dul amach as oifig le chéile ceithre huaire sa bhliain 2021.  Áiríodh na nithe seo a leanas le gníomhaíochtaí an choiste, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Bualadh le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus le hAonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt.
- Bualadh leis an gCuntasóir Conraithe don Údarás.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí ón Roinn Dlí agus Cirt don bhliain 2020 agus ar an Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain 2020.
- Na Ráitis Airgeadais don bhliain 2020 a athbhreithniú.
- Na Ráitis Dearbhaithe don bhliain 2020 a athbhreithniú.
- An Córas Rialaithe Inmheánaigh agus an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach don bhliain 2020 a athbhreithniú.
- Clár Rioscaí agus Plean Gníomhaíochta Rioscaí an Údaráis a athbhreithniú.

Tháinig an Coiste Deimhniúcháin le chéile dhá uair sa bhliain 2021 chun scrúdú a dhéanamh ar an tsamhail deimhniúcháin a úsáidtear le haghaidh ceadúnú conraitheoirí. Mhol an Coiste go gcuirfí ár gcaidreamh le comhlachtaí deimhniúcháin ar bhonn níos foirmiúla agus, mar thoradh air sin, eisíodh tairiscint le haghaidh seirbhísí iniúchóireachta i mí Iúil.

Níor tháinig an Coiste Acmhainní/Straitéise le chéile sa bhliain 2021 toisc gur ag cruinnithe an Bhoird a breithníodh na saincheisteanna uile a bhí le breithniú.

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# Sracfhéachaint ar an mBliain 2021

**Bhí 1,447**
**gConraitheoir Ceadúnaithe Ag Deireadh na Bliana**
**(2020: 1,434)**

**Bhí 32,439**
**nDuine Aonair Ceadúnaithe Ag Deireadh na Bliana**
**(2020: 31,104)**

**Cúlghaireadh 164 Cheadúnas**
**(2020: 31)**

**Foilsíodh Caighdeán Nua le haghaidh Rialú Rochtana**

**€2,638,738**
**Ioncam ó Tháillí**
**(2020: €2,746,886)**

**Seoladh 870**
**Cás Forfheidhmiúcháin**
**(2020: 687)**

**Próiseáladh 10,498 nIarratas**
**(2020: 12,062)**

**52**
**Bhall Foirne**
**(2020: 52)**

# An Plean Straitéiseach, 2019 go 2021

Maidir leis an gceathrú Plean Straitéiseach uainn, rud a d'úsáid an tÚdarás mar threoir ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2021, tháinig sé chun deiridh ag deireadh na bliana. Ba é fócas an Phlean ná ár sainordú ceadúnúcháin a chomhlíonadh, feabhas a chur ar leibhéil ghairmiúlachta inár dtionscal, cosaint a thabhairt do thomhaltóirí agus don phobal agus ár gcaidreamh lenár sealbhóirí ceadúnais a chothú.

Leis an bPlean Gnó uainn don bhliain 2021, soláthraíodh an sásra le haghaidh ár gcuspóirí straitéiseacha agus ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

**Is iad seo a leanas na príomhspriocanna atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach:**

**Sprioc 1: Rialáil an Tionscail Slándála Príobháidí a chur i gcrích.**
**Sprioc 2: A chinntiú go gcomhlíonann ár dtionscal na rialacháin cheadúnúcháin.**
**Sprioc 3: Caighdeáin agus cáilíochtaí a ardú inár dtionscal.**
**Sprioc 4: Tairbhí ár dtionscail a chur chun cinn.**
**Sprioc 5: Tacú lenár bhfoireann agus feabhas a chur ar ár n-eagraíocht.**



# Sracfhéachaint ar an mBliain 2021

| | |
|---|---|
| **Sprioc 1:** | **Reachtaíocht a rith lena leathnófaí rialáil chuig gardaí forfheidhmiúcháin** |
| **Sprioc 2:** | **Fostaithe a ionchúiseamh as obair gan cheadúnas** |
| **Sprioc 3:** | **Samhail deimhniúcháin nua a fhorbairt chun tacú le rialáil** |
| **Sprioc 4:** | **Suíomh Gréasáin nua an Údaráis a sheoladh** |
| **Sprioc 5:** | **Infheistiú sa Chianobair agus i bhFolláine Foirne** |

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

# Sprioc 1:

## Rialáil an Tionscail Slándála Príobháidí a chur i gcrích.

I láthair na huaire, ceadúnaímid conraitheoirí ar fud 12 earnáil agus ceadúnaímid fostaithe ar fud ceithre earnáil. Cuireadh pleananna le haghaidh ceadúnú a leathnú chuig fostaithe san earnáil Slándála Imeachtaí ar an méar fhada i mí an Mhárta 2020 agus d'fhan an scéal sin gan athrú ar fud na bliana 2021. Táimid dóchasach go gceadúnófar an earnáil sa dara leath den bhliain 2022.

Leathnaíodh ceadúnú chuig gardaí forfheidhmiúcháin leis an Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí (Leasú), 2021, agus tá tús curtha le hobair ar an earnáil sin a cheadúnú. Cuirfear tús sa bhliain 2022 le gardaí forfheidhmiúcháin a cheadúnú.

### Ceadúnú Gnólachtaí


D'ainneoin thionchar leantach na dianghlasála ar an tionscal slándála agus ar an ngeilleagar i gcoitinne, bhí méadú ann sa líon conraitheoirí a ceadúnaíodh agus sa líon ceadúnas earnála i gcúrsaíocht araon. Bhí 1,447 gconraitheoir ceadúnaithe ag deireadh mhí na Nollag, rud a bhí cothrom le méadú 13 chonraitheoir ar an líon a bhí ceadúnaithe ag deireadh na bliana 2020. Ag deireadh na bliana 2019, b'ionann an figiúr sin agus 1,403 chonraitheoir. Tugann sé sin le fios gur tháinig méadú 3% chun cinn thar dhá bhliain na paindéime.

Léirítear sa tábla thíos go raibh méadú de 15 cheadúnas ann sa líon ceadúnas earnála. Is féidir an difríocht idir an líon ceadúnas a bhí i gcúrsaíocht agus an líon conraitheoirí a bhí ceadúnaithe a chur síos do cheadúnais a bheith ag conraitheoirí in earnálacha éagsúla.

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| **Maoirseoirí Dorais (Slándáil Imeachtaí)** | 39 | 38 | 36 | 34 |
| **Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe)** | 52 | 48 | 48 | 47 |
| **Glasadóirí** | 187 | 220 | 224 | 226 |
| **IMSCRÚDAITHEOIRÍ PRÍOBHÁIDEACHA** | 115 | 108 | 107 | 100 |
| **Gardaí Slándála (Faireachán ar Aláraim)** | 34 | 34 | 36 | 37 |
| **Gardaí Slándála (Faireachán ar TCI)** | 28 | 29 | 31 | 34 |
| **Gardaí Slándála (Slándáil Imeachtaí)** | 46 | 47 | 49 | 49 |
| **Gardaí Slándála (Socair)** | 190 | 184 | 184 | 185 |
| **Suiteálaithe Slándála Leictreonaí** | 973 | 1,017 | 1,041 | 1,059 |
| **Airgead Tirim faoi Bhealach** | 5 | 4 | 4 | 4 |
| **IOMLÁN** | **1,669** | **1,729** | **1,760** | **1,775** |

**Tábla 1: Comparáid idir an Líon Ceadúnas a Eisíodh le haghaidh gach Earnála idir an bhliain 2018 agus an bhliain 2021**

Is sna hearnálacha Slándála Leictreonaí a oibríonn 61% de na conraitheoirí uile, rud a chuimsíonn Rialú Rochtana, TCI agus Aláraim Ionraidh. Is iad Glasadóirí an dara grúpa is mó (13%). Agus iad freagrach as 10% de na ceadúnais uile, is iad Gardaí Slándála (Socair) an chéad ghrúpa is mó eile.




**Fíor 1: Forbhreathnú ar Cheadúnais Conraitheoirí de réir Earnála sa bhliain 2021**

Bhí an líon athnuachaintí fós láidir, agus ceadúnas á athnuachan ag 92% de na conraitheoirí a raibh an méid sin le déanamh acu. Luamar i dtuarascáil na bliana seo caite go bhfuil ag éirí lenár socruithe tráthchoda maidir le cabhrú le conraitheoirí a gceadúnas a athnuachan. Ní raibh aon athrú ann sa líon conraitheoirí a bhí chun deiridh lena dtráthchodanna, agus é cothrom le deichniúr. Bainistíonn ár bhfoireann ceadúnúcháin na cásanna sin go réamhghníomhach. Chúlghaireamar an ceadúnas a bhí ag conraitheoir amháin nár chloígh lena chomhaontuithe tráthchoda linn.

Fuarthas 882 iarratas ar cheadúnas conraitheoirí sa bhliain, rud a bhí cothrom le méadú 199 n-iarratas ar na 683 cinn a fuarthas sa bhliain 2020.  Is féidir an méadú a chur síos don timthriall ceadúnais dhá bhliain, agus líon níos airde ceadúnas le hathnuachan i mblianta lena ngabhann corruimhreacha. Ba ó iarratasóirí céaduaire ar cheadúnas a fuarthas 129 gcinn de na hiarratais, 13 cinn níos mó ná mar a fuarthas sa bhliain 2020.  Fuarthas 16 iarratas eile ar earnáil/earnálacha a chur le ceadúnas a bhí ann cheana. Bhain a bhformhór leis an Earnáil Slándála Leictreonaí.

### Athnuachaintí Ceadúnais

De na 810 gconraitheoir a raibh a gceadúnas le hathnuachan acu le linn na bliana, rinne 749 nduine amhlaidh faoi dheireadh na bliana.  Tháinig méadú beag ar an ráta neamh-athnuachana, ó 7% sa bhliain 2020 go 8% sa bhliain 2021.

### Iarratais ar Diúltaíodh Dóibh

Diúltaíodh do thrí cinn de na 882 iarratas a fuarthas le linn na bliana mar iarratais neamhbhailí.  Dhiúltaíomar do cheithre iarratas toisc gur mhainnigh an conraitheoir na ceanglais cheadúnúcháin a chomhlíonadh.  Níor taisceadh aon achomhairc conraitheoirí leis an mBord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach sa bhliain 2021.

Tharraing 28 gconraitheoir an t-iarratas uathu siar sular thug an tÚdarás cinneadh deiridh orthu.  Déanann conraitheoirí é sin chun go mbeidh siad in ann aisíocaíocht na táille ceadúnais a fháil sula n-eiseofar breith diúltaithe.  Déanann líon suntasach díobh an t-iarratas uathu a ataisceadh a luaithe a bheidh na nithe amuigh réitithe acu.

### Ceadúnais Shealadacha

Eisítear ceadúnais shealadacha chuig conraitheoirí nua sna réimsí TCI agus Aláram Ionraidh den earnáil Slándála Leictreonaí ionas gur féidir le conraitheoirí córais a shuiteáil ar mhaithe leis na caighdeáin a cheanglaítear chun críocha ceadúnúcháin a ghnóthú.  Bhí 55 cheadúnas shealadacha i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana. B’ionann é sin agus méadú ceithre cheadúnas ar an líon a bhí i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana roimhe sin.

Leathnófar ceadúnais shealadacha chuig an earnáil Rialaithe Rochtana sa bhliain 2022.


### Táillí Ceadúnais

Fuarthas €1,583,980 ó tháillí ceadúnais conraitheoirí sa bhliain 2021, i gcomparáid le €1,353,548 sa bhliain 2020 agus le €1,429,237 sa bhliain 2019 (arb í an bhliain inchomparáide sa timthriall ceadúnais dhá bhliain í).

| Bliain | Láimhdeachas |
|---|---|
| **2018** | €751,123,050 |
| **2019** | €781,555,000 |
| **2020** | €858,923,000 |
| **2021** | €902,579,000 |

**Tábla 2: An Láimhdeachas Conraitheoirí a Taifeadadh in Iarratais ar Cheadúnais idir an bhliain 2018 agus an bhliain 2021**

Léirítear i **dTábla 2** thuas fás leanúnach an tionscail slándála, agus méadú 5% tagtha ar an láimhdeachas do chonraitheoirí ceadúnaithe i gcomparáid leis an mbliain 2020. Cé gur treocht aníos í an treocht fhoriomlán, d’fheidhmigh roinnt earnálacha níos fearr ná earnálacha eile.  Bhí méaduithe láidre i láimhdeachas le feiceáil san earnáil Faireacháin ar TCI agus san earnáil Faireacháin ar Aláraim araon, agus bhí an treocht aníos sin le sonrú san earnáil Gardaí Slándála (Socair) agus sa chohórt Slándála Leictreonaí freisin.  I gcodarsnacht leis sin, áfach, agus rud nach iontas é mar thoradh ar an bpaindéim leanúnach, chonacthas laghdú géar san earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha agus sna hearnálacha Slándála Imeachtaí agus Maoirseoirí Dorais.  Rinne srianta na paindéime difear diúltach do ghlasadóirí freisin, agus níor tháinig ach athrú measartha beag ar an láimhdeachas san earnáil Airgid Thirim faoi Bhealach.




**Fíor 2: Forbhreathnú ar Láimhdeachas Conraitheoirí de réir Earnála sa bhliain 2021**

I gcomparáid le Fíor 1 ar leathanach 14, is díol suntais go bhfuil an Earnáil Slándála Leictreonaí freagrach as 31% de láimhdeachas an tionscail, cé gurb inti atá 61% de shealbhóirí ceadúnais. I gcodarsnacht leis sin, tá an earnáil Gardaí Slándála (Socair) freagrach as 10% de shealbhóirí ceadúnais agus as 48% de láimhdeachas an tionscail.



## Ceadúnú Fostaithe

Bhí méadú beag ann sa líon ceadúnas sa bhliain 2021 i gcomparáid leis an mbliain 2020. Bhí 32,439 sealbhóir ceadúnais daoine aonair ann ag deireadh mhí na Nollag, rud a bhí cothrom le méadú 1,335 cheadúnas agus a bhí ar aon dul leis an bhfigiúr sa bhliain 2019, arbh ionann é agus 32,458 gceadúnas. Tháinig méadú beag ar an líon ceadúnas earnála, ó 40,134 cinn go 40,720 ceann.

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe) | 14,231 | 13,759 | 11,966 | 11,425 |
| Gardaí Slándála (Socair) | 27,902 | 26,921 | 26,390 | 27,559 |
| Gardaí Slándála (Lárionaid Faireacháin) | 351 | 583 | 673 | 651 |
| Airgead Tirim faoi Bhealach | 1,227 | 1,292 | 1,105 | 1,085 |
| **IOMLÁN** | **43,711** | **42,555** | **40,134** | **40,720** |

**Tábla 3: Comparáid idir an Líon Ceadúnas a Eisíodh le haghaidh gach Earnála idir an bhliain 2018 agus an bhliain 2021**

Ní nach ionadh, is é an earnáil Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe) atá freagrach as an difríocht 1,835 cheadúnas ón líon ceadúnas a eisíodh roimh an bpaindéim, agus an figiúr sin fritháirithe go pointe éigin ag an méadú sa líon ceadúnas Gardaí Slándála (Socair). Níor athnuaigh líon suntasach daoine a bhfuil décheadúnas Maoirseoirí Dorais/Gardaí Slándála acu ach an ceadúnas Gardaí Slándála atá acu, rud a léiríonn tionchar leantach na paindéime ar an earnáil fáilteachais.

### Maolú Sealadach ar Oiliúint

Chun freastal ar an éileamh ar sheirbhísí Gardalá Socra sa bhliain 2020 agus chun aird a thabhairt ar an bhfíric nach raibh soláthraithe oiliúna in ann oiliúint ar an láithreán a sholáthar, dheonaigh an tÚdarás maolú 90 lá ar an gceanglas oiliúna le haghaidh ceadúnais nua Gardaí Slándála (Socair). Eisíodh 266 cheadúnas go dtí go gcuirfí oiliúint i gcrích. Comhlíonadh na ceanglais cheadúnúcháin uile eile. Cúlghaireadh 102 cheann (38%) de na ceadúnais sin sa deireadh toisc nár cuireadh an oiliúint i gcrích.

### Táillí Ceadúnais

B'ionann luach na dtáillí ceadúnais daoine aonair don bhliain agus €1,185,172, i gcomparáid le €1,393,338 sa bhliain 2020 agus le €1,951,841 sa bhliain 2019. B'ionann na táillí a fuarthas sa bhliain inchomparáide is déanaí sa timthriall ceadúnais trí bliana – is é sin, 2018 – agus €1,124,893. D'ainneoin na paindéime, tá an figiúr sin ar aon dul le figiúirí na bliana seo.

### Iarratais ar Cheadúnais

Fuaireamar 9,616 iarratas ar cheadúnais daoine aonair le linn na bliana. Áiríodh leo sin 4,696 athnuachan agus 4,277 n-iarratas chéaduaire. Áiríodh leo freisin 643 iarratas eile (7%) ar diúltaíodh dóibh.

B'ionann iarratais ar diúltaíodh dóibh agus 7% de na hiarratais uile a fuarthas sa bhliain 2021, síos ó 17% sa bhliain 2016. D'áireofaí leis na cúiseanna a ndiúltófaí d'iarratas doiciméid tacaíochta neamhdhóthanacha a sholáthar, gan doiciméid a chomhlánú i gceart agus gan íocaíocht a dhéanamh. Ina lán cásanna, déantar iarratais ar diúltaíodh dóibh a ataisceadh ina dhiaidh sin mar iarratais bhailí.

**Diúltuithe agus Achomhairc**

Dhiúltaíomar do 62 iarratas sa bhliain 2021, síos ó 98 gcinn sa bhliain 2020. Níor tháinig aon athrú ar na príomhchúiseanna ar diúltaíodh d'iarratais, agus is é atá i gceist leo ná mainneachtain páirt a ghlacadh i bpróiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána nó nochtadh ciontuithe le linn phróiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.

Sa bhliain 2021, rinneadh 3 achomharc chun an Bhoird Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach in aghaidh breitheanna uainn. Bhí dhá achomharc eile ón mbliain 2020 fós idir lámha.  Faoi dheireadh na bliana, níor thug an Bord Achomhairc breith ar aon achomhairc. Dá bharr sin, tá cúig achomharc idir lámha ag deireadh na bliana 2021.



## An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

# Sprioc 2:

## A chinntiú go gcomhlíonann ár dtionscal na rialacháin cheadúnúcháin.


Bhí diantionchar ag an leanúint de shrianta Covid-19 ar ár n-obair forfheidhmiúcháin, agus teorainn ann le gach cigireacht aghaidh ar aghaidh ar fud na bliana 2021. Tríd is tríd, rinne ár gcigirí cigireachtaí cianda ar chonraitheoirí, agus tugadh faoi obair faireachais chun a chinntiú go gcomhlíonfaí na rialacháin cheadúnúcháin.

Fuaireamar 430 tuairisc faisnéise le linn na bliana, suas ó 385 gcinn sa bhliain 2020. Ag teacht sna sála ar mheasúnú a rinne ár bhfoireann comhlíonta, ba ar chúiseanna éagsúla nár imscrúdaíodh 178 gcinn de na cásanna a fuarthas. Ba iad na cúiseanna is coitianta díobh ná nár léir go raibh aon ghníomhaíocht incheadúnaithe ann, nár leor an fhaisnéis a fuarthas nó go raibh an conraitheoir ceadúnaithe cheana féin. I gcás nach n-imscrúdaímid tuairiscí faisnéise, coinnítear an fhaisnéis. Má fhaightear tuilleadh tuairiscí ar an aon ní amháin, athbhreithnímid an fhaisnéis i bhfianaise na faisnéise nua a fuarthas. Bhí an 252 thuairisc faisnéise eile ina gcuid de na 870 cás forfheidhmiúcháin a osclaíodh le linn na bliana.

Cuireadh 789 gcinn de na 870 cás forfheidhmiúcháin sa bhliain 2021 i gcrích faoi dheireadh na bliana. I 611 cheann de na cásanna sin (77%), shainaithníomar bealach éigin nár comhlíonadh na ceanglais cheadúnúcháin ann. Cé go raibh an chuid is mó díobh ina mionsáruithe agus nach ndearnadh aon ghníomh eile tar éis an sárú a réiteach, bhí údar ann le cineál éigin smachtbhanna i 96 chás (16%). Áiríodh leis na gníomhartha sin ceadúnas a chúlghairm nó diúltú d'iarratas ar thaobh amháin den scála agus fógra comhairle a eisiúint ar an taobh eile.

Bhí ionchúiseamh amháin againn, a tháinig chun cinn tar éis dúinn teacht le linn imscrúdaithe ar fhostaí a bhí ag obair mar mhaoirseoir dorais agus é neamhcheadúnaithe ag áitreabh ceadúnaithe i Sligeach. Cuireadh cóip de cheadúnas brionnaithe faoi bhráid an fhostóra. Phléadáil an tUasal Thomas Byrne, an fostaí, ciontach agus gearradh fíneáil €100 air ar dhá scór, agus costais a bhí cothrom le €2,000 dáfa don Údarás Slándála Príobháidí.






**Fíor 3: Forbhreathnú ar Chásanna Forfheidhmiúcháin de réir Earnála sa bhliain 2021**

Sa bhliain 2020, d'aistríomar ó chomhlachtaí seachtracha deimhniúcháin chuig ár gcigirí féin an fhreagracht as iniúchtaí a dhéanamh ar PSA 31:2019, an caighdeán le haghaidh iontrálaithe nua sna hearnálacha Maoirseoirí Dorais, Slándála Imeachtaí agus Gardála Slándála. Rinne an tÚdarás deich gcigireacht PSA 31 sa bhliain 2021. Le linn na bliana, chuir ár gcigirí tús freisin le hiniúchtaí ar PSA 76:2018, an caighdeán le haghaidh conraitheoirí Airgid Thirim faoi Bhealach. Cuireadh cúig chigireacht ar siúl.

### Ceannaitheoirí Slándála

Gné thábhachtach dár n-obair comhlíonta is ea cigireachtaí a dhéanamh orthu sin a cheannaíonn seirbhísí slándála. Sa bhliain 2021, thosaíomar 196 imscrúdú ar cheannaitheoirí slándála chun a chinntiú go raibh ceanglais cheadúnúcháin á gcomhlíonadh. Cé gur aimsíodh go raibh na rialacháin cheadúnúcháin á gcomhlíonadh ag 190 ceannaitheoir (97%), tharla sé sna 6 chás eile gur fhoirceann na ceannaitheoirí an conradh lena soláthraí agus gur aistrigh siad chuig soláthraí ceadúnaithe.

### Comhlíonadh Daoine Aonair

Rinneamar 112 chigireacht neamhfhógartha comhlíonta ar áitribh cheadúnaithe, ar asraonta miondíola agus ar raon gnólachtaí eile ar fud na tíre chun comhlíonadh na gceanglas ceadúnúcháin daoine aonair a chinntiú. Ba é an aidhm a bhí leis na cigireachtaí ná a chinntiú gur ceadúnaithe atá na daoine sin a fhostaítear chun seirbhísí slándála a sholáthar agus go gcomhlíonann siad an ceanglas le suaitheantais aitheantais a chaitheamh. Ar na daoine ar thángthas orthu, bhí 99% díobh ceadúnaithe agus aimsíodh go raibh 97% díobh ag caitheamh a suaitheantais aitheantais.

**Gníomhartha Comhlíonta**

Tá againn raon gníomhartha comhlíonta a fhéadfaimid a dhéanamh in aghaidh sealbhóirí ceadúnais a sháraíonn na rialacháin cheadúnúcháin, lena n-áirítear ionchúiseamh, an ceadúnas a chúlghairm nó a chur ar fionraí agus fógra forfheidhmiúcháin a eisiúint.

Mar a bhí luaite cheana féin, ionchúisíodh fostaí neamhcheadúnaithe amháin agus cúlghaireadh an ceadúnas a bhí ag conraitheoir amháin agus ag 151 fhostaí sa bhliain 2021. Cuireadh an ceadúnas a bhí ag deichniúr fostaithe ar fionraí ar feadh tréimhse agus eisíodh 19 bhfógra forfheidhmiúcháin eile in aghaidh sealbhóirí ceadúnais.

Scrúdaíomar 17 ngearán faoi alt 39 den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí le linn na bliana, i dteannta na gcúig cinn a tugadh anonn ón mbliain 2020. Foráiltear le halt 39 do shásra faoina bhféadfaidh duine gearán foirmiúil a dhéanamh in aghaidh sealbhóir ceadúnais. Ní dheachaigh an gearánach ar aghaidh leis an gcás i dtrí chás, seasadh leis an ngearán in dhá chás agus níor sheas an tÚdarás leis an ngearán i 14 chás. Bhí trí chás á bhfiosrú fós ag deireadh na bliana.

| Gníomh | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|
| Comhairle | 1 | 1 | 0 |
| Faichill | 5 | 8 | 4 |
| Rabhadh | 30 | 13 | 14 |
| Iomardú | 3 | 6 | 1 |
| Fionraí | 2 | 6 | 10 |
| Cúlghairm | 25 | 31 | 152 |
| Ionchúiseamh | 2 | 1 | 1 |

**Tábla 4: Achoimre ar Ghníomhartha Forfheidhmiúcháin a rinneadh sa bhliain 2021**



## An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

# Sprioc 3:

### Caighdeáin agus cáilíochtaí a ardú inár dtionscal.

Cuid ríthábhachtach dár n-obair is ea na caighdeáin agus na cáilíochtaí atá le comhlíonadh ag iarratasóirí ar cheadúnais agus ag sealbhóirí ceadúnais a fhorordú.  Bunsprioc thábhachtach ba ea caighdeán teicniúil nua a fhoilsiú le haghaidh conraitheoirí a oibríonn san earnáil rialaithe rochtana (PSA 67:2021). Ag teacht sna sála ar achtú an Achta um Sheirbhísí Slándála Príobháidí (Leasú), 2021, rud lenar leathnaíodh rialáil chuig gardaí forfheidhmiúcháin, bunaíodh meitheal chun na ceanglais cheadúnúcháin don earnáil a fhorbairt. I mí na Nollag, thugamar faoi chomhairliúchán poiblí ar an gcaighdeán le haghaidh conraitheoirí gardaí forfheidhmiúcháin a cheadúnú.

Leanadh sa bhliain leis an obair ar na ceanglais oiliúna ar ghlasadóirí agus ar imscrúdaitheoirí príobháideacha araon. D'eisíomar doiciméad tairisceana chuig soláthraithe oiliúna chun dearadh agus forbairt a dhéanamh ar chúrsa oiliúna a bheadh bunaithe ar cheanglais oiliúna an Údaráis (PSA 83:2021) ar dhaoine aonair a oibríonn san earnáil imscrúdaitheoirí príobháideacha. Is é an aidhm atá leis ná ceadúnú fostaithe a thabhairt isteach san earnáil le linn na bliana 2022.

Ó thaobh conraitheoirí de, chuireamar tús an athuair leis an obair ar chaighdeáin le haghaidh sainchomhairleoirí slándála, soláthraithe taisceadán agus suiteálaithe taisceadán a cheadúnú. Táimid ag súil leis go bhfógróimid sa dara leath den bhliain 2022 amscála le haghaidh an dá earnáil a cheadúnú. Thugamar freisin faoi roinnt réamhoibre ar chaighdeáin le haghaidh suiteálaithe geataí cumhachtaithe agus le haghaidh láimhseálaithe madraí slándála.

Leanadh le cúrsaí oiliúna ar líne a sholáthar le haghaidh na n-earnálacha maoirseoirí dorais agus gardála slándála toisc gur cuireadh moill ar an bhfilleadh ar oiliúint atá lonnaithe sa seomra ranga de dheasca shrianta Covid-19.  Mar gheall ar na srianta, d'fhógraíomar go n-iarchuirfí go deireadh na bliana 2022 dáta tosaithe na gcúrsaí nua maoirseoirí dorais agus scileanna slándála.  Tabharfaidh sé sin am do sholáthraithe oiliúna chun na próisis bhailíochtaithe le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann a chur i gcrích.

Bhuaileamar leis na comhlachtaí deimhniúcháin agus na soláthraithe oiliúna roinnt uaireanta sa bhliain.  Is é an toradh atá ar na cruinnithe sin ná go gcinntítear go dtacaíonn soláthraithe le misean rialála an Údaráis, agus is fóram iad le haghaidh tuairimí ar nithe ceadúnúcháin a phlé agus a mhalartú. Mar chuid den fhaireachán leanúnach a dhéanaimid ar sheirbhísí, rinneamar cigireacht ar cheithre sholáthraí oiliúna le linn na bliana.  Chomh maith leis sin, d'eisíomar doiciméad tairisceana le haghaidh seirbhísí iniúchóireachta a sholáthar, rud a thiocfaidh isteach in ionad ár samhla deimhniúcháin reatha.  Mar thoradh ar an tseirbhís nua, a gcuirfear tús léi sa bhliain 2022, beidh sé de chumas againn tuilleadh smachta a ghnóthú ar an bpróiseas iniúchóireachta.  Leagamar béim i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo ar na leibhéil arda neamhchomhréireachta i gcomparáid le caighdeáin fhorordaithe. Is é an toradh a bheidh ar an tsamhail deimhniúcháin nua ná go mbeimid in ann comhlachtaí iniúchóireachta a cheapadh chuig conraitheoirí ar leith agus go rannchuideofar leis na leibhéil arda neamhchomhréireachta a laghdú.

# Sprioc 4:

## Tairbhí ár dtionscail a chur chun cinn.

Leanamar le teagmháil a dhéanamh lenár sealbhóirí ceadúnais, le geallsealbhóirí tionscail, le cliaint na ngeallsealbhóirí tionscail agus leis an bpobal i gcoitinne sa bhliain 2021. Reáchtálamar roinnt feachtas faisnéise poiblí ar an raidió, i nuachtáin agus i sainirisí ceirde, ar lena linn a dhíríomar ár n-aird ar réimsí ar shainaithníomar go raibh gá le caidreamh iontu.

Sheolamar ár suíomh Gréasáin nua i mí Aibreáin 2021. Tá aige dearadh, leagan amach, íomhánna agus feidhmiúlacht níos fearr lena gcuirfear ar ár gcumas leathnú isteach sna meáin shóisialta.  Ag teacht sna sála ar sheoladh an tsuímh Gréasáin, d'earcaíomar sainchomhairleoir brandála chun comhairle a thabhairt maidir le brandáil agus leis na meáin shóisialta.  Forbraíodh straitéis brandála nua lena ndéileáiltear le héifeachtacht an chaiteachais fógraíochta, le héifeachtacht an tsuímh Gréasáin, leis an straitéis meán sóisialta agus le margaíocht ríomhphoist. Bainfimid leas as an straitéis nua agus muid ag iarraidh feasacht a mhéadú ar na tairbhí a bhaineann le tionscal slándála rialáilte. Cuirfear tús sa bhliain 2022 le hobair ar an straitéis a leabú.

Foilsíodh sé eagrán dár ríomhiris dar teideal "PSA Watch", inar tugadh faisnéis faoi imeachtaí tábhachtacha, an t-eolas is deireanaí agus fógraí suntasacha tionscail do pháirtithe leasmhara.

# Sprioc 5:

## Tacú lenár bhfoireann agus feabhas a chur ar ár n-eagraíocht.

Lean ár bhfoireann lena n-athléimneacht a thaispeáint, cé go rabhthas ag déileáil le timpeallacht dhoiligh oibre, agus leanadh leis an gcuid is mó de sheirbhísí a sholáthar gan aon bhriseadh.  Aithnímid gurb í ár bhfoireann an láidreacht is mó atá againn, agus táimid tiomanta do thacú lena forbairt agus lena folláine.  Sa bhliain 2021, d'infheistíomar i dtionscnaimh folláine fisiciúla agus i dtionscnaimh folláine mothúchánaí araon dár bhfoireann, anuas ar infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh oifige agus inár n-áitreabh. Choinníomar líon foirne a bhí cothrom le 52 bhall foirne le linn na bliana, an líon céanna a bhí againn sa bhliain roimhe.

### Cosaint Sonraí

Dhéileáil ár nOifigeach Cosanta Sonraí le trí iarraidh ar rochtain d'ábhair sonraí agus le sé shárú sonraí íseal-leibhéil sa bhliain 2021.  Ina theannta sin, fuaireamar 10 n-iarraidh ar fhaisnéis faoi alt 41(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, lena húsáid chun "cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú nó ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh".  I mí na Samhna, rinneadh athbhreithniú seachtrach ar an dóigh a raibh an tÚdarás ag comhlíonadh na reachtaíochta um chosaint sonraí, agus cuirfear moltaí chun feidhme sa bhliain 2022.

D'earcaigh an Bord a bhí ag dul amach as oifig Grant Thornton chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpróisis ghnó. Maidir leis an athbhreithniú, a bhí ar siúl fós ag deireadh na bliana, breithneoidh an Bord atá ag teacht isteach in oifig é i gcomhthéacs an Phlean Straitéisigh nua uainn agus i gcomhthéacs na riachtanas gnó sa todhchaí.

# Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021**



An tÚdarás Slándála Príobháidí
**The Private Security Authority**

# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 25 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 32 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | 35 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais | 36 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 37 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 38 |




# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA gCOMHALTAÍ BOIRD

Cuireadh Bord an Údaráis Slándála Príobháidí ar bun faoin Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004. Ceapadh an Bord reatha i mí an Mhárta 2022 ar feadh téarma ceithre bliana. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 8 de na hAchtanna.

Tá an Bord cuntasach don Aire Dlí agus Cirt agus bhí Comhaontú Formhaoirseachta don tréimhse 2020 go 2022 agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta don bhliain 2021 i bhfeidhm aige leis an Roinn Dlí agus Cirt. Sna comhaontuithe sin, sainítear an caidreamh idir an tÚdarás agus an Roinn agus leagtar amach na spriocanna agus na cuspóirí comhaontaithe don bhliain.

Tá an Bord freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. D’fhoilsigh an Bord an Plean Straitéiseach uaidh don tréimhse 2019 - 2021 i mí na Samhna 2018. Is ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as an Údarás a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Cloíonn an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta leis an mórthreo straitéiseach a leagann an Bord síos agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an Údarás agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá an obair a dhéanann an Bord agus na freagrachtaí atá air leagtha amach sna hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí. Tá na comhaltaí Boird tiomanta dá chinntiú go ngníomhóidh siad de réir an dea-chleachtais rialachais. I dteannta an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ní mór do na comhaltaí Boird cloí leis na nithe seo a leanas freisin;

- Treoirlínte Rialachais Ginearálta,
- An Cód Iompair Gnó,
- Eitic in Oifigí Poiblí,
- An Beartas um Nochtadh Cosanta,
- Na forálacha neamhnochta de na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011.

Áirítear iad seo a leanas leis na buanmhíreanna ar chlár oibre na gcruinnithe Boird:

- Dearbhú Leasanna,
- Miontuairiscí cruinnithe,
- Tuarascálacha coiste,
- Tuarascálacha airgeadais/Cuntais bhainistíochta,
- An Clár Rioscaí,
- An Plean Gnó Bliantúil agus an t-eolas is deireanaí ar an bPlean Straitéiseach.

Ag cruinnithe Boird, tugann an Príomhfheidhmeannach an t-eolas is deireanaí go rialta ar nithe oibriúcháin, ar chur chun feidhme bheartas an Bhoird, ar nithe buiséadacha agus ar aon saincheisteanna ábhartha eile.

Ceanglaítear le halt 4 de Sceideal 1 a ghabhann leis na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí ar an bPríomhfheidhmeannach, faoi stiúir ag an mBord, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith.  Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus, le linn dó déanamh amhlaidh, ní mór don Bhord:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as an bplean gnó bliantúil agus an buiséad bliantúil a cheadú. Déantar é sin ag an gcruinniú Boird i mí Eanáir gach bliain.

Cuireadh Meastóireacht Feidhmíochta an Bhoird don bhliain 2021 i gcrích roimh dheireadh théarma an Bhoird a bhí ag dul amach as oifig.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go léirítear go cuí i ráitis airgeadais an Údaráis feidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis ag an 31 Nollaig 2021.

## Struchtúr an Bhoird

Rinne an tAire Dlí agus Cirt an Bord a cheapadh an 9 Samhain 2017 agus chuaigh téarma an Bhoird in éag an 11 Samhain 2021. Rinne an tAire an Bord nua a cheapadh an 25 Márta 2022, agus é comhdhéanta de na comhaltaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Richard O'Farrell | Cathaoirleach (Athcheaptha) |
| Una Doyle | Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt |
| Alan Durnan | Ionadaí d'Fhostóirí (Athcheaptha) |
| Mark Griffin | A ceapadh tar éis comórtas earcaíochta de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. |
| Sean Heading | Ionadaí d'Fhostaithe (Athcheaptha) |
| Edward Kenny | A ceapadh tar éis comórtas earcaíochta de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. |
| David McGuinness | Ionadaí do Bhaill Foirne an Údaráis Slándála Príobháidí |
| Aideen Neylon | A ceapadh tar éis comórtas earcaíochta de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. |
| An Coimisinéir Cúnta O. McPartlin | Ionadaí don Gharda Síochána |
| David Smith | Ionadaí don Aire Oideachais agus Scileanna |
| Jillian van Turnout | A ceapadh tar éis comórtas earcaíochta de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. |

## Ba iad seo na comhaltaí den Bhord a bhí ag dul amach as oifig:

| | |
|---|---|
| Noel Lappin | Cathaoirleach |
| Padraic Cafferty | Ionadaí d'Fhostóirí |
| Alan Durnan | Ionadaí d'Fhostóirí |
| John Garry | Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt |
| Sean Heading | Ionadaí d'Fhostaithe |
| Geraldine Kelly | Ionadaí Dlíthiúil |
| Eilish McCormack | Ionadaí do Bhaill Foirne an Údaráis Slándála Príobháidí |
| An Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll | Ionadaí don Gharda Síochána |
| Richard O'Farrell | Ceapaí Lánroghnach Neamhshainithe |
| David Smith | Ionadaí don Aire Oideachais agus Scileanna |
| Christy Waters | Ionadaí d'Fhostaithe |

Tháinig an Bord a bhí ag dul amach as oifig le chéile sé huaire sa bhliain 2021. Achoimrítear an freastal ar na cruinnithe sin sa tábla thíos:

| AINM | 25/01/21 | 29/03/21 | 31/05/21 | 26/07/21 | 27/09/21 | 01/11/21 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Noel Lappin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Padraic Cafferty | ✓ | ✓ | ✓ | × | ✓ | ✓ |
| Alan Durnan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| John Garry | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Sean Heading | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Geraldine Kelly | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Eilish McCormack | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Coimisinéir John O'Driscoll | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Richard O'Farrell | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| David Smith | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Christy Waters | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bhí ag an mBord a bhí ag dul amach as oifig Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a tháinig le chéile ceithre huaire sa bhliain 2021 agus, ar ócáid amháin, a bhuail le hIniúchóir Sinsearach ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (gan Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis a bheith i láthair).

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord ag gach cruinniú.



## TÁILLÍ COMHALTAÍ BOIRD

Íocadh táillí €43,605 le comhaltaí Boird sa bhliain 2021 (2020: €58,140), mar seo a leanas:

| AINM | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Noel Lappin** | €8,997.50 | €11,970 |
| **Padraic Cafferty** | €5,771.25 | €7,695 |
| **Alan Durnan** | €5,771.25 | €7,695 |
| **Sean Heading*** | €5,771.25 | €7,695 |
| **Geraldine Kelly** | €5,771.25 | €7,695 |
| **Richard O'Farrell** | €5,771.25 | €7,695 |
| **Christy Waters** | €5,771.25 | €7,695 |
| **Eilish McCormack** | -- | -- |
| **David Smith** | -- | -- |
| **John Garry** | -- | -- |
| **John O'Driscoll** | -- | -- |

* Íoctar táillí an Uasail Heading go díreach le Connect, a fhostóir.

### An nochtadh a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016.  Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód.



# Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe


**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad**

| Raon na Sochar Fostaithe Iomlán | | | Líon Fostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| **Ó** | | **Go** | **2021** | **2020** |
| €60,000 | - | €69,999 | 4 | 3 |
| €70,000 | - | €79,999 | 2 | 1 |
| €80,000 | - | €89,999 | 2 | 1 |
| €90,000 | - | €99,999 | 0 | 0 |
| €100,000 | - | €110,000 | 1 | 1 |

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Costais Chomhairleachta** | | |
| - Seirbhísí comhairleachta | €149,324 | €13,501 |
| - Caidreamh poiblí/margaíocht | €215,335 | €119,948 |
| - Eile | €14,224 | €20,915 |
| **Costais Dlí** | | |
| - Táillí dlí | €19,501 | €22,946 |
| - Comhairle dlí | €12,183 | €11,809 |
| **Fáilteachas** | | |
| - Fáilteachas | €1,582 | €3,001 |
| **Caiteachas Taistil agus Cothaithe** | | |
| - Taisteal Intíre Comhaltaí Boird | Nialas | €227 |
| - Taisteal Idirnáisiúnta Comhaltaí Boird | Nialas | Nialas |
| - Taisteal Intíre Fostaithe | €47,282 | €47,580 |
| - Taisteal Idirnáisiúnta Fostaithe | Nialas | Nialas |
| **Tuarastal/Taisteal agus Cothú an Phríomhfheidhmeannaigh** | | |
| - Tuarastal | €105,129 | €103,126 |
| - Taisteal/Cothú | €1,048 | €1,797 |

## Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun an Cód a chomhlíonadh. Leanfaidh an tÚdarás leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a ghlacadh agus tabharfaidh sé aird ar aon mhíreanna neamhchomhlíonta a sainaithneoidh na hiniúchóirí faoi seach iad as seo amach.



An tUasal Paul Scallan
Príomhfheidhmeannach: Dáta: 30 Bealtaine 2022



An tUasal Richard O'Farrell
Cathaoirleach: Dáta: 30 Bealtaine 2022

# RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

## Raon Freagrachta

Thar ceann Bhord an Údaráis Slándála Príobháidí (an tÚdarás) agus de réir cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (an "Cód"), ba mhaith liom a admháil go bhfuil freagracht ar an mBord as a chinntiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun agus a oibriú.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis, dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt nach dtarlóidh caillteanas nó earráid. Forbraíodh an córas reatha rialuithe thar roinnt mhaith blianta agus cuireadh é faoi athbhreithniú leanúnach ag Bord an Údaráis.

## Dul in éag do théarma an Bhoird

Chuaigh téarma Bhord an Údaráis Slándála Príobháidí in éag an 11 Samhain 2021 agus ceapadh Bord nua an 25 Márta 2022. Ní raibh aon Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i bhfeidhm ar feadh na tréimhse sin. Ceapadh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca nua ag an gcéad chruinniú de chuid an Bhoird nua an 4 Aibreán 2022. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an tuarascáil ar an gcóras rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2021 a cheadú ag an gcéad chruinniú dá chuid an 16 Bealtaine 2022.

## Bainistíocht Riosca

Tháinig Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird le chéile ceithre huaire sa bhliain 2021. Bhí sé comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Bhord, a raibh saineolas airgeadais ag duine amháin díobh agus a raibh duine amháin eile díobh ar an gCathaoirleach. Gníomhaíonn comhalta den Choiste Feidhmiúcháin mar Rúnaí.

Soláthraíonn Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí don Údarás. Comhaontaítear an clár oibre idir an tAonad, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Feidhmiúcháin.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú leanúnach ar an mbeartas bainistíochta riosca agus cuirtear tuarascáil riosca i láthair ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus de chuid an Bhoird.

## An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an tÚdarás córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú. Forbraíodh Ráiteas faoi Fhonn Riosca sa bhliain 2020, rud lenar cabhraíodh leis na bearta rialaithe atá i bhfeidhm cheana féin a neartú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás. Rinneadh na rioscaí sin a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Bíonn an clár á athbhreithniú agus a athrú chun dáta (ag Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis), bíonn sé á bhreithniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus bíonn sé á athbhreithniú ag Cruinnithe Boird an Údaráis. Úsáidtear an toradh ar na measúnuithe sin chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhainisteoirí sonracha as rialuithe a oibriú. Áirítear na nithe seo a leanas leis an timpeallacht rialaithe:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an mBord agus ag an lucht ardbhainistíochta,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Déanann an lucht ardbhainistíochta faireachán ar gach próiseas rialaithe.  Déantar easnaimh rialaithe a thuairisciú agus a phlé ag cruinnithe an lucht bainistíochta.  Coinnítear an Bord ar an eolas faoi nithe ábhartha trí thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ag gach cruinniú Boird agus tríd an gClár Rioscaí.  Tá foireann iniúchóireachta ag an bPríomhfheidhmeannach. Déanann an fhoireann sin seiceálacha tréimhsiúla ar gach gné den ghnó.  Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

## Soláthar

Le linn na bliana 2021, chomhlíon an tÚdarás na rialacha soláthair reatha, cé is moite de chonradh amháin dar luach €23,735 a fadaíodh thar dháta éaga an chonartha bunaidh gan próiseas iomaíoch nua a reáchtáil. Tá an conradh dáfa anois, tar éis próiseas soláthair cuí a chur i gcrích.

Chloígh an tÚdarás le treoirlínte na Roinne Dlí agus Cirt i dtaca le sonraisc a íoc.

## Paindéim Covid-19

Ba as paindéim Covid-19 a tháinig roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe, agus tosaíodh ar chianobair agus obair fhíorúil a dhéanamh mar ghnás san Údarás Slándála Príobháidí. Mar thoradh air sin, thug an tÚdarás roinnt athruithe nós imeachta agus rialaithe isteach den chéad uair sa bhliain 2020. Ag gníomhú dó faoi chreat riosca agus rialaithe an Údaráis, rinne an lucht bainistíochta measúnú riosca iomlán ar thionchar phaindéim Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe sa bhliain 2020. Deimhnímid gurb éifeachtach go fóill atá na rialuithe a bhí ann cheana agus na rialuithe a tugadh isteach de bharr phaindéim Covid-19 araon.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2021 a chur i gcrích an 16 Bealtaine 2022.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Sa bhliain 2021, rinneadh athbhreithniú seachtrach ar an dóigh a rabhthas ag cur cheanglais an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm san Údarás. Ag teacht sna sála ar an athbhreithniú sin, tarraingíodh roinnt moltaí ardleibhéil anuas. Tugadh plean cur chun feidhme chun críche sa ráithe deiridh den bhliain 2021, agus tá dul chun cinn á dhéanamh ag an Údarás ar an bplean sin.

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2021 aon laigí eile is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.


An tUasal Paul Scallan
Príomhfheidhmeannach: Dáta: 30 Bealtaine 2022

An tUasal Richard O'Farrell
Cathaoirleach: Dáta: 30 Bealtaine 2022

## RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

| | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € | € | € | € |
| **IONCAM** | | | | | |
| Deontas ón Oireachtas | 2 | | 3,738,082 | | 3,285,045 |
| Táillí Ceadúnais | 3 | | 2,636,310 | | 2,685,453 |
| Cigireacht | 15 | | 5,400 | | 800 |
| | | | 6,379,792 | | 5,971,298 |
| **Aistriú ón/(chuig an)** | | | | | |
| gCuntas Caipitil | 8 | | 59,239 | | 74,782 |
| | | | 6,439,031 | | 6,046,080 |
| **CAITEACHAS** | | | | | |
| Costais Foirne | 4 | 2,618,697 | | 2,488,897 | |
| Riarachán | 5 | 1,094,169 | | 864,308 | |
| Caiteachas Iomlán | | 3,712,866 | | 3,353,205 | |
| Barrachas don bhliain roimh mhéideanna a cuireadh ar aghaidh | | | 2,726,165 | | 2,692,875 |
| Méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt | 3 | | (2,565,000) | | (2,643,000) |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | | 161,165 | | 49,875 |
| **Barrachas a tugadh ar aghaidh** | | | 102,463 | | 52,588 |
| **Barrachas ag an 31 Nollaig** | | | 263,628 | | 102,463 |

**Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na caillteanais uile a aithníodh sa bhliain. Tá an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.**



An tUasal Paul Scallan
Príomhfheidhmeannach: Dáta: 30 Bealtaine 2022



An tUasal Richard O'Farrell
Cathaoirleach: Dáta: 30 Bealtaine 2022

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2021

| | Nótaí | 2021 € | 2021 € | 2020 € | 2020 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE** | | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | **6** | | **78,040** | | 137,279 |
| | | | | | |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | | |
| Méideanna infhaighte | | **102,348** | | 9,375 | |
| Banc agus airgead | | **166,782** | | 96,971 | |
| Fardal | | **11,160** | | 12,429 | |
| | | | **280,290** | | 118,775 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | | | |
| Méideanna iníoctha | **7** | | **16,662** | | 16,312 |
| | | | | | |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | | **263,628** | | 102,463 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | | **341,668** | | 239,742 |
| | | | | | |
| **DLITEANAIS FHADTÉARMACHA** | | | | | |
| | | | | | |
| Cuntas Caipitil | **8** | | **78,040** | | 137,279 |
| Ioncam agus Caiteachas agus Tuilleamh Coinnithes | | | **263,628** | | 102,463 |
| | | | **341,668** | | 239,742 |

**Tá an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.**

An tUasal Paul Scallan
Príomhfheidhmeannach: Dáta: 30 Bealtaine 2022

An tUasal Richard O'Farrell
Cathaoirleach: Dáta: 30 Bealtaine 2022


## RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas/(easnamh) oibriúcháin don bhliain | 161,165 | 49,875 |
| Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe | 59,239 | 81,356 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | (59,239) | (74,782) |
| Laghdú/(Méadú) ar Fhardal | 1,269 | (7,139) |
| (Méadú)/Laghdú ar Mhéideanna Infhaighte | (92,973) | 10 |
| Méadú/(Laghdú) ar Mhéideanna Iníoctha | 350 | -- |
| **Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **69,811** | 49,320 |
| | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach | - | (6,574) |
| **Méadú/(Laghdú) ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | **69,811** | 42,746 |

## RÁITEAS FAOI ATHRUITHE I nGLANCHISTÍ

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Glanchistí ag an 1 Eanáir | 96,971 | 54,225 |
| Glanchistí ag an 31 Nollaig | 166,782 | 96,971 |
| Méadú/(Laghdú) ar Airgead | **69,811** | 42,746 |

**Tá nótaí 1 go 16 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo**



An tUasal Paul Scallan
Príomhfheidhmeannach: Dáta: 30 Bealtaine 2022



An tUasal Richard O'Farrell
Cathaoirleach: Dáta: 30 Bealtaine 2022

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

## 1. RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta leagtha amach thíos.  Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

**A. FAISNÉIS GHINEARÁLTA**
Cuireadh an tÚdarás Slándála Príobháidí ar bun faoin Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004. Tá a cheannoifig lonnaithe i mBaile Thiobraid Árann.  Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás Slándála Príobháidí.

**B. BUNÚS CUNTASAÍOCHTA**
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach thíos, de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm a cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt.

**C. TÁILLÍ CEADÚNAIS**
Aithnítear táillí ceadúnais mar ioncam sa tréimhse ina bhfaightear iad. Déantar na táillí a bhailítear a chur ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt ar bhonn míosúil. Ní aithnítear dliteanas i leith aon táillí a fhaightear sa mhí dheireanach den bhliain chuntasaíochta agus a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn an bhliain ina dhiaidh sin.

**D. DEONTAIS ÓN OIREACHTAS**
Taifeadtar deontais ón Oireachtas ar bhonn airgid a fhaightear. Is é atá i ndeontais ón Oireachtas ná cistí a thugtar don Údarás trí Vóta na Roinne Dlí agus Cirt, áit a n-íocann an Roinn costais tuarastail agus riaracháin go díreach.

**E. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH AGUS DÍMHEAS**
Léirítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais, nó de réir margadhluach measta, lúide dímheas carntha. Déantar sócmhainní seasta a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta dar tosach an mhí ina gcuirtear an tsócmhainn lena mbaineann i seirbhís.

| | |
|---|---|
| Troscán & feistis | 10% |
| Trealamh TF | 20% |
| Córas athnuachana ar líne | 20% |
| Trealamh Oifige | 20% |

## 2. DEONTAS ÓN OIREACHTAS

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Fotheideal B16 de Vóta 24** – Dlí agus Ceart – le haghaidh pá agus costais riaracháin ghinearálta | 3,738,082 | 3,285,045 |

## 3. TÁILLÍ CEADÚNAIS

Tá an timthriall ceadúnúcháin ina thimthriall dhá bhliain do chonraitheoirí agus ina thimthriall trí bliana do dhaoine aonair. Bíonn formhór na gceadúnas atá ina seilbh ag conraitheoirí le hathnuachan i mbliain 1 agus bíonn formhór na gceadúnas atá ina seilbh ag daoine aonair le hathnuachan i mbliain 2 den timthriall 3 bliana. Cé gurb airde an líon iarratas a fhaightear ó dhaoine aonair ná ó chonraitheoirí, is ísle an t-ioncam táillí ceadúnais a ghnóthaítear ó dhaoine aonair ná ó chonraitheoirí. Dá bhrí sin, bíonn ioncam táillí an Údaráis ag luainiú ar aon dul leis an timthriall ceadúnúcháin.

**Méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí ceadúnais a fuarthas sa tréimhse roimhe a bhí le cur ar aghaidh i dtús na bliana | 96,710 | 54,088 |
| Muirir bhainc sa bhliain | (555) | (631) |
| Ioncam táillí ceadúnais sa bhliain | 2,636,310 | 2,685,453 |
| Ioncam Cigireachta | 5,400 | 800 |
| Méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt | (2,565,000) | (2,643,000) |
| Méid a bhí le cur ar aghaidh ag deireadh na bliana | 172,865 | 96,710 |

## 4. COSTAIS FOIRNE

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail agus pá | 2,571,415 | 2,441,090 |
| Taisteal agus cothú - náisiúnta | 47,282 | 47,807 |
| Taisteal agus cothú - idirnáisiúnta | 0 | 0 |
| | 2,618,697 | 2,488,897 |

Bhí **52** bhall foirne fostaithe ag an Údarás ag an 31 Nollaig 2021 (2020: 52).

# 5. RIARACHÁN

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seirbhísí comhairleachta | **149,324** | 13,501 |
| Comhairle dlí | **12,183** | 11,809 |
| Táille iniúchóireachta | **12,050** | 11,700 |
| Táille cuntasaíochta | **4,612** | 4,612 |
| Caidreamh Poiblí/Margaíocht | **215,335** | 119,948 |
| Eile | **14,224** | 20,915 |
| | | |
| **Ginearálta** | | |
| Speansais oifige | **65,698** | 84,113 |
| Táillí chomhaltaí an Údaráis | **43,605** | 58,140 |
| Costais chumarsáide | **167,294** | 119,402 |
| Costais cheadúnúcháin | **87,196** | 67,084 |
| Dímheas | **59,239** | 81,356 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | **65,230** | 3,895 |
| Cigirí Seachtracha | **-** | - |
| Costais eile TF | **175,572** | 223,298 |
| | | |
| **Costais Dlí** | | |
| Táillí dlí | **19,501** | 22,946 |
| | | |
| **Fáilteachas** | | |
| Fáilteachas | **1,582** | 3,001 |
| | | |
| **An Bord Achomhairc** | **1,524** | 18,588 |
| | **1,094,169** | 864,308 |

# 6. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Troscán & Feistis | Trealamh TF | Córas Athnuachana ar Líne | Trealamh Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **COSTAS** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 0 | 510,056 | 392,905 | 34,427 | 937,388 |
| Breiseanna | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Diúscairtí | 0 | (495) | 0 | 0 | (495) |
| **Ag an 31 Nollaig** | **0** | **509,561** | **392,905** | **34,427** | **936,893** |
| | | | | | |
| **DÍMHEAS CARNTHA** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 0 | 504,649 | 264,855 | 30,605 | 800,109 |
| Muirear don bhliain | 0 | 1,315 | 56,370 | 1,554 | 59,239 |
| Diúscairtí | 0 | (495) | 0 | 0 | (495) |
| **Ag an 31 Nollaig** | **0** | **505,469** | **321,225** | **32,159** | **858,853** |
| | | | | | |
| **GLANLUACH LEABHAR** | | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig** | **0** | **4,092** | **71,680** | **2,268** | **78,040** |
| **Ag an 1 Eanáir** | **0** | **5,407** | **128,050** | **3,822** | **137,279** |

## 7. MÉIDEANNA INÍOCTHA

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táille iniúchóireachta | 12,050 | 11,700 |
| Táille cuntasaíochta | 4,612 | 4,612 |
| | 16,662 | 16,312 |

## 8. CUNTAS CAIPITIL

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | | 137,279 | | 212,061 |
| Breiseanna | 0 | | 6,574 | |
| Amúchadh | (59,239) | | (81,356) | |
| Aistriú ón/(chuig an) Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas | | (59,239) | | (74,782) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | | 78,040 | | 137,279 |

## 9. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

Tá gach ball d'fhoireann an Údaráis ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt. Íocfar costais phinsin na mball foirne sin as Vóta 12 – Aoisliúntas agus ní dhearnadh soláthar ar bith sna ráitis airgeadais seo maidir leis na costais sin.

## AN BORD ACHOMHAIRC UM SHLÁNDÁIL PHRÍOBHÁIDEACH

Cuireadh an Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach ar bun chun achomhairc in aghaidh breitheanna ón Údarás a éisteacht agus a chinneadh. Cuimsíonn an Bord Achomhairc Cathaoirleach agus ceathrar comhaltaí. Is é an Rialtas a cheapann an Bord Achomhairc agus tá sé neamhspleách ar an Údarás. Is í an Roinn Dlí agus Cirt a íocann na costais a thabhaíonn an Bord.

## 11.RANNÍOCAÍOCHTAÍ BREISE AOISLIÚNTAIS

Is ionann na costais tuarastail sa chuntas seo agus na hollchostais don Údarás don tréimhse. Is í an Roinn Dlí agus Cirt a íocann tuarastail thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais, de réir alt 4 den Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017, agus coinnítear iad mar Leithreasaí i gCabhair don Roinn sin. B'ionann é sin agus €53,103 sa bhliain 2021 (2020: €66,810).

## 12. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA

De réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird agus ag fostaithe. Tá treoir maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird ar áireamh sna nósanna imeachta sin agus chloígh an Bord leo le linn na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí iontu.

## 13. NÓTA MAIDIR LE CÓIRÍOCHT

Oibríonn an tÚdarás amach as cóiríocht atá suite ar Shráid an Dáibhisigh, Baile Thiobraid Árann. Cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí an chóiríocht sin ar fáil saor in aisce.

## 14. LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Bhí luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh don bhliain 2021 comhdhéanta de bhuntuarastal bliantúil €105,129 (2020: €103,126). Ina theannta sin, fuair an Príomhfheidhmeannach €1,048 i leith speansais taistil agus chothaithe sa bhliain 2021 (2020: €1,797), i gcomhréir le rátaí taistil agus cothaithe na Státseirbhíse. Ní théann teidlíochtaí pinsin thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí feidhmíochta sa bhliain 2021.

## 15. TÁILLÍ CIGIREACHTA

Is é atá i dtáillí Cigireachta ná fíneálacha a ghearrtar i leith neamhchomhlíonadh na rialachán ón Údarás. B'ionann iad agus €5,400 sa bhliain 2021 (2020: €800). Taifeadtar táillí Cigireachta in ioncam táillí ceadúnais.

## 16. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an tÚdarás na cuntais seo an 30 Bealtaine 2022.

**Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### An tÚdarás Slándála Príobháidí

#### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Slándála Príobháidí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Sceideal 1(4) den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse,

- cuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais an t-airgead a fuair agus a chaith an tÚdarás Slándála Príobháidí don bhliain 2021 agus
- tá an staid airgeadais ag an 31 Nollaig 2021 ag teacht leis na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach sna ráitis airgeadais

#### *Bunús na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Údarás Slándála Príobháidí agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé agus go bhfuil sí oiriúnach do bhunús a thabhairt le mo thuairim.

#### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás Slándála Príobháidí faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an ráiteas rialachais agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Paul Southern**
**Ar son agus thar ceann**
**an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**2 Meitheamh 2022**

**Moltaí ó Thuarascáil an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí (IAU) don bhliain 2021 agus Tuairimí an Lucht Bainistíochta ina leith, mar aon leis an stádas i dtaca leis na moltaí sin ag an 31 Nollaig 2021. Ní dhearna an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste aon mholtaí sa bhliain 2021.**

| | Moladh | Tuairim an Lucht Bainistíochta | Stádas |
|---|---|---|---|
| **IAU1** | Ba cheart don Údarás comhalta lán-neamhspleách atá ceaptha chuig a Choiste Iniúchóireachta a bheith aige, ar comhalta é nach fostaí ná comhalta boird. De réir dhoiciméad choiste iniúchóireachta an chóid treorach chun comhlachtaí stáit a rialú, 2016. | Taifeadadh an moladh sin roimhe sin sa litir bhainistíochta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain 2016. Ag teacht sna sála ar bhunú an Bhoird nua i mí na Samhna 2017, bhuail an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca nua leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i mí Eanáir 2018. Ba é cur chun feidhme an mholta ceann de na saincheisteanna a pléadh. Chuir an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca in iúl gur chinn an Bord roimhe go gceapfaí duine éigin a bhfuil taithí cuntasaíochta/airgeadais aige chuig an mBord agus chuir sé in iúl go bhfuil an duine sin ina shuí ar an gCoiste Iniúchóireachta anois. Pléadh an tsaincheist leis an Roinn le linn an Bord nua a earcú. Bhí an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste sásta leis an bhfreagra sin, agus ní dhearnadh aon tagairt don ní sa litir bhainistíochta don bhliain 2017.<br><br>Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gurb amhlaidh, faoina Théarmaí Tagartha, a fhéadfaidh an Coiste comhaltaí breise a chomhthoghadh chuig an gCoiste nó sainchomhairle a fháil trí sholáthar.<br><br>Thuig an tÚdarás óna fhreastal ar sheimineáir agus fóraim eile ar an gCód nach ceanglas éigeantach é sin ar Chomhlachtaí neamhthráchtála beaga Stáit. Má tá athrú tagtha ar an staid sin, nílimid ar an eolas faoi. Féachfar ar an ní an athuair tráth a cheapfar an Bord nua ag deireadh na bliana 2021. | Tá an moladh seo dúnta |



# Aguisíní

## Aguisín 1 – An Dualgas Earnála Poiblí

Ceanglaítear leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ar chomhlacht poiblí na nithe seo a leanas a dhéanamh, ag féachaint dá fheidhmeanna, dá chríoch agus dá mhéid agus do na hacmhainní atá ar fáil dó:

**Measúnacht a dhéanamh** – measúnacht a leagan amach sa phlean straitéiseach uaidh ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus leis an gcomhionannas a chreideann sé is iomchuí maidir le feidhmeanna agus críoch an chomhlachta;

**Aghaidh a thabhairt** – a leagan amach sa phlean straitéiseach uaidh cé na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá ar bun nó a bheartaítear a chur ar bun d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;

**Tuairisciú a dhéanamh** – tuairisciú a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar a bhfuil bainte amach aige sa tuarascáil bhliantúil uaidh.

D'fhorbair an tÚdarás an togra seo a leanas chun a chinntiú go gcomhlíonaimid alt 42 d'Acht 2014:

1. Measúnacht a dhéanamh ar ár bhfoireann agus ar an tionscal slándála chun sainaithint a dhéanamh ar na príomh-shaincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine do na daoine a oibríonn san Údarás agus sa tionscal. Is trí shuirbhé a dhéanfar an mheasúnacht ar an tionscal slándála.

   Aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine a shainaithneofar le linn na measúnachta. Forbrófar iad sin mar chuid dár bpróiseas pleanála straitéisí a bheidh le cur ar áireamh sa Phlean Straitéiseach nua.

2. An dul chun cinn a rinneadh ar aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine is iomchuí maidir leis an ról atá againn sa tionscal slándála príobháidí a cheadúnú agus a rialáil a athbhreithniú agus a chur in iúl sa Tuarascáil Bhliantúil uainn.

Táimid tiomanta do ghabháil go gníomhach do shaincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine d'úsáideoirí seirbhíse agus do bhaill foirne. Is é an sprioc atá againn feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid do shealbhóirí ceadúnais agus a chinntiú go mbímid ag caitheamh go cothrom neamhchlaon le daoine d'fhonn cur le luachanna na dínite, an neamh-idirdhealaithe, an chuimsithe agus an chleachtais chóir san Údarás.

Shainaithníomar cheana féin gur gá dúinn oiliúint a chur ar ár bhfoireann agus feasacht a mhéadú sa tionscal slándála mar chuid d'aon chlár a sheolfar chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcomhionannas agus le cearta an duine.

# Aguisíní

## Aguisín 2 – Tuarascálacha Staidrimh

| Tuarascáil 1 – An Líon Ceadúnas Daoine Aonair arna nEisiúint ag an 31 Nollaig 2021 de réir Contae | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Contae** | **Maoirseoirí Dorais** | **Gardaí Slándála** | **Airgead Tirim faoi Bhealach** | **Faireachán** | **Iomlán** |
| **Ceatharlach** | 153 | 281 | 6 | 52 | **492** |
| **An Cabhán** | 136 | 307 | 4 | 16 | **463** |
| **An Clár** | 204 | 420 | 20 | 2 | **646** |
| **Corcaigh** | 1,193 | 2,189 | 19 | 47 | **3,448** |
| **Dún na nGall** | 254 | 297 | 2 | 0 | **553** |
| **Baile Átha Cliath** | 3,799 | 12,865 | 616 | 92 | **17,372** |
| **Gaillimh** | 669 | 991 | 15 | 15 | **1,690** |
| **Ciarraí** | 418 | 529 | 2 | 0 | **949** |
| **Cill Dara** | 528 | 1,400 | 60 | 35 | **2,023** |
| **Cill Chainnigh** | 114 | 237 | 2 | 6 | **359** |
| **Laois** | 212 | 461 | 21 | 9 | **703** |
| **Liatroim** | 81 | 96 | 2 | 4 | **183** |
| **Luimneach** | 492 | 1,121 | 94 | 6 | **1,713** |
| **An Longfort** | 150 | 296 | 2 | 1 | **449** |
| **Lú** | 359 | 817 | 20 | 3 | **1,199** |
| **Maigh Eo** | 231 | 335 | 5 | 0 | **571** |
| **An Mhí** | 268 | 1,008 | 45 | 6 | **1,327** |
| **Muineachán** | 131 | 200 | 0 | 0 | **331** |
| **Uíbh Fhailí** | 287 | 338 | 9 | 3 | **637** |
| **Ros Comáin** | 151 | 246 | 4 | 0 | **401** |
| **Sligeach** | 173 | 260 | 35 | 0 | **468** |
| **Tiobraid Árann** | 281 | 570 | 17 | 10 | **878** |
| **Port Láirge** | 312 | 588 | 36 | 1 | **937** |
| **An Iarmhí** | 269 | 560 | 9 | 2 | **840** |
| **Loch Garman** | 270 | 491 | 9 | 17 | **787** |
| **Cill Mhantáin** | 198 | 558 | 22 | 30 | **808** |
| **Tuaisceart Éireann** | 84 | 71 | 8 | 146 | **309** |
| **An Bhreatain Mhór** (gan Tuaisceart Éireann a áireamh) | 5 | 23 | 1 | 113 | **142** |
| **Eile** | 3 | 4 | 0 | 35 | **42** |
| **Iomlán** | **11,425** | **27,559** | **1,085** | **651** | **40,720** |
| **% den Iomlán** | **28.06%** | **67.68%** | **2.66%** | **1.60%** | **100.00%** |

## Aguisín 3 – Tuarascálacha Staidrimh

**Tuarascáil 2 – An Líon Ceadúnas Conraitheoirí arna nEisiúint ag an 31 Nollaig 2021 de réir Contae**

| Contae | MD(SI) | MD(ÁC) | G | IP | GS(FA) | GS(FTCI) | GS(SI) | GS(S) | S(SL) | ATB | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceatharlach** | 0 | 1 | 5 | 0 | 1 | 1 | 0 | 3 | 18 | 0 | **29** |
| **An Cabhán** | 0 | 0 | 2 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 20 | 0 | **26** |
| **An Clár** | 0 | 0 | 3 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 21 | 0 | **26** |
| **Corcaigh** | 3 | 3 | 21 | 6 | 4 | 4 | 3 | 12 | 101 | 0 | **157** |
| **Dún na nGall** | 0 | 0 | 5 | 2 | 0 | 0 | 0 | 1 | 17 | 0 | **25** |
| **Baile Átha Cliath** | 15 | 23 | 80 | 37 | 9 | 7 | 20 | 81 | 294 | 3 | **572** |
| **Gaillimh** | 1 | 3 | 10 | 3 | 1 | 1 | 2 | 8 | 47 | 0 | **75** |
| **Ciarraí** | 0 | 0 | 6 | 2 | 0 | 0 | 1 | 5 | 29 | 0 | **43** |
| **Cill Dara** | 3 | 3 | 16 | 7 | 1 | 1 | 3 | 8 | 62 | 0 | **104** |
| **Cill Chainnigh** | 1 | 1 | 5 | 0 | 0 | 0 | 1 | 4 | 21 | 0 | **33** |
| **Laois** | 1 | 1 | 1 | 2 | 0 | 0 | 1 | 2 | 13 | 0 | **21** |
| **Liatroim** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 5 | 0 | **5** |
| **Luimneach** | 0 | 0 | 4 | 2 | 1 | 1 | 0 | 4 | 43 | 0 | **55** |
| **An Longfort** | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 | 11 | 0 | **14** |
| **Lú** | 1 | 1 | 6 | 0 | 0 | 0 | 1 | 5 | 34 | 0 | **48** |
| **Maigh Eo** | 0 | 0 | 5 | 4 | 0 | 0 | 1 | 1 | 14 | 0 | **25** |
| **An Mhí** | 1 | 2 | 12 | 2 | 0 | 0 | 1 | 6 | 52 | 0 | **76** |
| **Muineachán** | 1 | 2 | 2 | 1 | 0 | 0 | 1 | 2 | 17 | 0 | **26** |
| **Uíbh Fhailí** | 0 | 0 | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 18 | 0 | **24** |
| **Ros Comáin** | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 11 | 0 | **13** |
| **Sligeach** | 0 | 0 | 3 | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 | 11 | 0 | **17** |
| **Tiobraid Árann** | 1 | 1 | 4 | 3 | 1 | 1 | 2 | 7 | 40 | 0 | **60** |
| **Port Láirge** | 1 | 1 | 6 | 2 | 0 | 0 | 1 | 6 | 17 | 1 | **35** |
| **An Iarmhí** | 1 | 2 | 3 | 8 | 0 | 0 | 3 | 5 | 19 | 0 | **41** |
| **Loch Garman** | 1 | 1 | 9 | 1 | 1 | 1 | 2 | 5 | 31 | 0 | **52** |
| **Cill Mhantáin** | 0 | 1 | 6 | 3 | 1 | 1 | 0 | 5 | 39 | 0 | **56** |
| **Tuaisceart Éireann** | 2 | 1 | 5 | 4 | 6 | 6 | 5 | 5 | 42 | 0 | **76** |
| **An Bhreatain Mhór** (gan Tuaisceart Éireann a áireamh) | 1 | 0 | 1 | 7 | 10 | 8 | 1 | 2 | 12 | 0 | **40** |
| **Eile** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | **1** |
| **Iomlán** | **34** | **47** | **226** | **100** | **37** | **34** | **49** | **185** | **1,059** | **4** | **1,775** |
| **% den Iomlán** | **1.90%** | **2.60%** | **12.70%** | **5.60%** | **2.10%** | **1.90%** | **2.80%** | **10.40%** | **59.70%** | **0.20%** | **100.00%** |

**Eochair**
MD(SI) – Maoirseoir Dorais (Slándáil Imeachtaí)
MD(ÁC) – Maoirseoir Dorais (Áitribh Cheadúnaithe)
G – Glasadóir
IP – Imscrúdaitheoir Príobháideach
GS(FA) – Garda Slándála (Faireachán ar Aláraim)
GS(FTCI) – Garda Slándála (Faireachán ar TCI)
GS(SI) – Garda Slándála (Slándáil Imeachtaí)
GS(S) – Garda Slándála (Socair)
S(SL) – Suiteálaí (Slándáil Leictreonach)
ATB – Airgead Tirim faoi Bhealach

# Aguisíní

## Aguisín 4 – Tuarascáil Fuinnimh

Is iad ola teasa agus leictreachas ár bpríomhfhoinsí úsáide fuinnimh go fóill.  Is trí Chóras Bainistíochta Foirgnimh atá nua-aimseartha agus éifeachtúil a bhainistítear ár bhfóntais.  Is é C2 an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh, ar rátáil í atá os cionn an mheáin d'fhoirgnimh den sórt sin.  Is é seo a leanas an úsáid fuinnimh don oifig sa bhliain 2021:

| Foirgneamh an Údaráis | |
|---|---|
| **Foinsí nach Foinsí Leictreacha iad (ola)** | **Foinsí Leictreacha** |
| **61,225 kWh** | **69,042 kWh** |

Tá na figiúirí sin cothrom le méadú 2% ar úsáid fuinnimh i gcomparáid lenár bhfeidhmíocht sa bhliain 2020. Tháinig an méadú beag as an úsáid níos mó a baineadh as an oifig sa bhliain 2021, toisc gur fhás an freastal foirne de réir mar a maolaíodh srianta Covid-19. Lean foireann fuinnimh an Údaráis le faireachán a dhéanamh ar úsáid fuinnimh ar na bealaí seo:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid téimh agus úsáid leictreachais le cabhair ónár gcomhairleoir fuinnimh, agus tuilleadh oiliúna a sholáthar inár gCóras Bainistíochta Foirgnimh chun ár gcórais téimh agus uisce the a uathoibriú.
- Feasacht agus oiliúint foirne. A bhuí leis na comharthaí atá in airde ar fud an fhoirgnimh, meabhraítear do bhaill foirne leictreachas a chaomhnú agus bheith aireach ar a n-úsáid fuinnimh. Chuir ár gcomhairleoir fuinnimh oiliúint ar bhaill foirne chun feasacht agus caomhnú fuinnimh a mhéadú.

Ag obair dó i gcomhar le comhairleoir fuinnimh, tá tús curtha ag an Údarás le féachaint ar réitigh ar conas a chomhlíonaimid na hoibleagáidí atá orainn faoin bPlean Gnímh don Aeráid 2021, áit nach mór dúinn ár n-astaíochtaí a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030.

Glacann an tÚdarás páirt i gcóras ar líne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun tuairisc a thabhairt ar a úsáid fuinnimh de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Críochúsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009 (I.R. Uimh. 542 de 2009).



# Teagmháil

**An tÚdarás Slándála Príobháidí**
**Sráid an Dáibhisigh**
**Baile Thiobraid Árann**
**Co. Thiobraid Árann**
**E34 PY91**

**T: 062-32600**
**R: info@psa-gov.ie**
**G: www.psa-gov.ie**

## An Rannóg um Cheadúnú Conraitheoirí

**T:** 062-32606 062-32614
062-32624 062-32627
062-32661 062-32635
062-32631
**E:** contractors@psa-gov.ie

## An Rannóg um Cheadúnú Daoine Aonair

**T:** 062-32600
**R:** licensing@psa-gov.ie

## An Rannóg Comhlíonta agus Cigireachta

**T:** 062-32608
062-32612
**R:** enforcement@psa-gov.ie

## n Rannóg Cáilíochtaí agus Caighdeán

**T:** 062-32636
062-32616
062-32643
062-32659
062-32607
**R:** **standards@psa-gov.ie**

## An Rannóg Gnóthaí Corparáideacha

**T:** 062-32622
062-32633
**R:** **info@psa-gov.ie**

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

**An tÚdarás Slándála Príobháidí**
Sráid an Dáibhisigh
Baile Thiobraid Árann
Co. Thiobraid Árann
E34 PY91

T: 062-32600
R: info@psa-gov.ie
G: www.psa-gov.ie



Fitzpatrick Design and Print 062 51113